**RÚN (AE) 2022/1789 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA**

**an 4 Bealtaine 2022**

**ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) don bhliain airgeadais 2020**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V a ghabhann lena Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0106/2022),

A. de bhrí, i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh, gur mian leis an údarás um urscaoileadh béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé dlisteanacht dhaonlathach institiúidí an Aontais a neartú tuilleadh trí thrédhearcacht agus cuntasacht a fheabhsú, agus trí choincheap an bhuiséadaithe ar bhonn feidhmíochta agus an dea-rialachais ar acmhainní daonna a chur chun feidhme,

B. de bhrí, de réir a ráitis ar ioncam agus ar chaiteachas, ([1]) gurbh é EUR 16 058 100 buiséad críochnaitheach na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháiltacht agus Sláinte ag an Obair ("an Ghníomhaireacht") don bhliain airgeadais 2020, arb ionann é agus méadú de 2,03 % i gcomparáid le 2019; de bhrí gur ó bhuiséad an Aontais a thagann buiséad na Gníomhaireachta go príomha;

C. de bhrí go ndearbhaíonn an Chúirt Iniúchóirí ("an Chúirt"), ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020 ("an tuarascáil ón gCúirt"), go bhfuil dearbhú réasúnach faighte aici go bhfuil cuntais na Gníomhaireachta beacht agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta;

**Bainistiú buiséid agus airgeadais**

1. ag tabhairt dá haire gur thug na hiarrachtaí faireacháin buiséid i rith bhliain airgeadais 2020 ráta cur chun feidhme buiséid 96,8 %, arb ionann é agus laghdú de 1,04 % i gcomparáid le 2019; á chur in iúl gur oth léi gur ráta forghníomhaithe 62,15 % a bhí ann maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, arb ionann é agus laghdú de 14,18 % i gcomparáid le 2019; ag tabhairt dá haire go bhfuil baint ag moilliú ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta, mar thoradh ar phaindéim COVID-19, leis an ráta íseal leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí;

2. ag tabhairt dá haire go bhfuil an Ghníomhaireacht i mbun anailíse ar na cúiseanna le méideanna an-ard a bheith á dtabhairt ar aghaidh mar obair leantach ar na barúlacha ón gCúirt in 2019; á iarraidh ar an nGníomhaireacht torthaí na hanailíse a chur in iúl don údarás um urscaoileadh;

**Feidhmíocht**

3. ag tabhairt dá haire go mbaineann an Ghníomhaireacht leas as bearta áirithe mar eochairtháscairí feidhmíochta (ETFanna) chun meastóireacht a dhéanamh ar an mbreisluach arna chur ar fáil ag a gníomhaíochtaí agus as bearta eile chun feabhas a chur ar bhainistiú a buiséid, amhail a clár oibre a bheith á sholáthar, cealú leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, agus acmhainneacht for-rochtana idirghabhálaithe tríd an líonrú; á chur in iúl gur geal léi go mbaineann an Ghníomhaireacht leas as ETF chun cur chun feidhme leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a thomhas, óir ba phointe criticiúil é sin sna blianta roimhe sin agus barúlacha á ndéanamh go seasta ag an gCúirt i ndáil leis sin; ag tabhairt dá haire gur éirigh leis an nGníomhaireacht a spriocanna ar fad geall leis a bhaint amach cé go raibh sciar den chlár oibre nár cuireadh i gcrích óir chuaigh an phaindéim i bhfeidhm ar thaisteal agus imeachtaí;

([1]) IO C 114, 31.3.2021, lch. 45.

4. á chur in iúl gur geal léi go ndearna an Ghníomhaireacht na meastóireachtaí *ex post* ar fhorléargais sábháilteachta agus sláinte ag an obair (OSH), ar forléargais iad a tugadh chun críche maidir le galair a bhaineann leis an obair, costais agus buntáistí OSH agus maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga; ag tabhairt dá haire gur thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht gur cheart don Ghníomhaireacht leanúint dá hiarrachtaí sna réimsí tábhachtacha reatha sin agus go ndearnadh moltaí sonracha; á chur in iúl gur geal léi go ndearna an Ghníomhaireacht, in 2020, na meastóireachtaí *ex post* ar Fheachtas 2018-2019 maidir le Láithreacha Sláintiúla Oibre; ag tabhairt dá haire gur éirigh go han-mhaith leis an bhfeachtas ó thaobh rannpháirtíocht geallsealbhóirí agus leathadh gníomhaíochtaí de;

5. ag tabhairt dá haire go bhfuil dlúthchomhoibriú ag an nGníomhaireacht le gníomhaireachtaí eile, eadhon, an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde agus an tÚdarás Eorpach Saothair, maidir le topaicí comhspéise amhail an beartas um fhostaíocht agus um ghnóthaí sóisialta; ag tabhairt dá haire gur chomhoibrigh an Ghníomhaireacht le Eurostat chun Baraiméadar OSH a fhorbairt; ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht dlúthchomhoibriú leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán maidir le hoibriú substaintí díobhálacha; á thabhairt dá haire gur oibrigh an Ghníomhaireacht go dlúth leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí maidir le OSH i gcomhthéacs doirteadh ola; á chur in iúl gur geal léi straitéis 2020-2024 chun gníomhú i gcoinne na hailse san áit oibre;

6. á chur in iúl gur mór aici gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta chun faisnéis, anailís agus uirlisí iontaofa agus ábhartha a fhorbairt, a bhailiú agus a chur ar fáil maidir le OSH, lena rannchuidítear le beartas an Aontais arb é is aidhm dó áiteanna oibre sláintiúla agus sábháilte a chur chun cinn ar fud an Aontais;

7. á thabhairt dá haire, go háirithe, go bhfuil ról tábhachtach ag an nGníomhaireacht i dtaca le tacú le cur chun feidhme phrionsabal 10 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta; á chur in iúl gur geal léi tiomantas láidir na Gníomhaireachta a áirithiú go mbeidh na cearta OSH céanna ag gach oibrí gan beann ar mhéid an ghnóthais, ar an gcineál conartha nó ar an gcaidreamh fostaíochta;

8. ag cur béim ar thábhacht, neamhspleáchas agus breisluach na Gníomhaireachta sa réimse saineolais atá aici; á thabhairt chun suntais gur gá acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais a áirithiú lena gcuirfear ar chumas na Gníomhaireachta leanúint dá clár oibre a chur chun feidhme agus ráta an-ard gníomhaíochta ag gabháil leis, go háirithe i bhfianaise chur chun feidhme Chreat Straitéiseach nua AE maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair (2021-2027) agus i bhfianaise na reachtaíochta atá le teacht maidir le hoibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le nochtadh d'aispeist ag an obair agus i bhfianaise na treorach maidir le carcanaiginí agus só-ghineacha;

9. á chreidiúint gur féidir leis an nGníomhaireacht faisnéis agus anailís úsáideach a chur ar fáil maidir le tionchar na teilea-oibre agus na réiteach digiteach eile d'fhostóirí agus d'oibrithe araon ar OSH i gcomhthéacs dálaí oibre le linn phaindéim COVID-19 agus aird ar leith á tabhairt ar an meabhairshláinte;

**Beartas foirne**

10. ag tabhairt dá haire go raibh 97,5 % den phlean bunaíochta curtha chun feidhme an 31 Nollaig 2019, go raibh ceapacháin déanta i gcás 39 ngníomhaire shealadacha as 40 post mar ghníomhaire sealadach arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 40 post arna líonadh as 40 post arna n-údarú in 2019); ag tabhairt dá haire go raibh 24 ghníomhaire ar conradh, sa bhreis air sin, ag obair don Ghníomhaireacht in 2020;

11. ag tabhairt dá haire agus é ina chúis imní di, go raibh easpa cothromaíocht inscne ann i measc na hardbhainistíochta, eadhon gur triúr fear (75 %) a bhí i gceist agus bean amháin (25 %); ag tabhairt dá haire go bhfuil cothromaíocht inscne níos fearr ann ar an mbord bainistíochta, le 51 fhear (58,6 %) agus 36 bhean (41,4 %), agus i measc na foirne i gcoitinne, le 16 fhear (30,2 %) agus 44 bhean (69,8 %); á iarraidh ar an nGníomhaireacht cothromaíocht inscne a áirithiú ar leibhéil na bainistíochta agus na foirne amach anseo; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht inscne a áirithiú a chur san áireamh nuair a bhítear ag ainmniú a gcomhaltaí do bhord bainistíochta na Gníomhaireachta;

12. á chur in iúl gur geal léi nár tuairiscíodh aon chásanna ciaptha agus go mbíonn leibhéal ard rannpháirtíochta ag an nGníomhaireacht a mhéid a bhaineann le beartais frithchiaptha a chur chun cinn, go n-eagraítear seisiúin múscailte feasachta go rialta dá foireann agus gur cruthaíodh leathanach ar leith ar an topaic sin ar an inlíon;

13. á chur in iúl gur oth léi go mothaíonn an fhoireann go bhfuil siad scoite amach mar gheall ar theilea-obair; á chur in iúl, áfach, gur geal léi go gcuireann an bhainistíocht go leor tacaíocht shíceolaíoch agus seisiúin aireachais ar fáil agus go ndéanann sí a dícheall an t-atmaisféar is fearr is féidir a chruthú, bunaithe ar an méid atá de dhíth ar bhaill foirne agus ar an méid a chinneann an riarachán áitiúil;

14. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an nós imeachta fada, neamh-thrédhearcach a bhaineann le stiúrthóir feidhmiúcháin nua na Gníomhaireachta a cheapadh;

**Soláthar**

15. ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht straitéis um chomhdhlúthú a fhorbairt maidir lena feidhm airgeadais agus sholáthair a dhíríonn ar úsáid acmhainní a bharrfheabhsú, próisis a chomhchuibhiú agus róil agus freagrachtaí a shainiú ar bhealach níos fearr; ag tabhairt dá haire go ndearnadh an cur chun feidhme, a beartaíodh le haghaidh 2020 i dtosach báire, a chur siar de dheasca phaindéim COVID-19, agus gur tosaíodh air i dtreo dheireadh 2020 tráth a ceapadh saineolaí seachtrach chun cuidiú leis na socruithe praiticiúla;

16. ag tabhairt dá haire go ndearnadh cur chun feidhme chóras bainistithe doiciméad na Gníomhaireachta a chur i gcrích in 2020; ag tabhairt dá haire thairis sin go bhfuiltear tar éis ríomhsholáthar, go háirithe ríomhthairiscint agus ríomhthíolacadh, an nós imeachta maidir le síniú leictreonach, agus simpliú agus digiteáil roinnt sreafaí oibre inmheánacha a ghlacadh; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé digiteáil na Gníomhaireachta a mhéadú ó thaobh oibriú agus bainistiú inmheánach ach freisin chun dlús a chur le digiteáil nósanna imeachta; ag tarraingt aird ar an ngá atá ann na bearta uile is gá a dhéanamh chun aon riosca do shlándáil ar líne na faisnéise a phróiseáiltear a sheachaint;

**Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus trédhearcacht**

17. ag tabhairt aitheantais do bhearta reatha agus iarrachtaí leanúnacha na Gníomhaireachta chun trédhearcacht agus cosc agus bainistiú coinbhleachtaí leasa a áirithiú; ag tabhairt dá haire go ndearna an bord bainistíochta athbhreithniú in Eanáir 2020 ar an mbeartas maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú agus go n-iarrtar ar chomhaltaí an bhoird bainistíochta dearbhú a thabhairt, de bhreis ar an dearbhú leasanna, nach bhfuil coinbhleachtaí leasa acu; á chur in iúl gur geal léi go mbíonn an dá dhearbhú ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta;

**Rialú inmheánach**

18. á chur in iúl gur geal léi go mbaineann an Ghníomhaireacht leas as straitéis maidir le neamhchomhlíonadh faoina ndéantar teagmhais *ex-post* a thaifeadadh chomh maith le heisceachtaí *ex-ante*, agus í ag díriú ar na nósanna imeachta reatha a fheabhsú agus laigí sa rialú inmheánach a bhrath; ag tabhairt dá haire, maidir leis na neamhchomhlíontachtaí a taifeadadh in 2020, nár léiríodh laigí suntasacha ó thaobh na rialuithe reatha; ag tabhairt dá haire gur ghlac an Ghníomhaireacht páirt arís san athbhreithniú piaraí maidir le bainistiú riosca i ngníomhaireachtaí dílároithe, arna lainseáil ag an gCoimisiún Eorpach, trí eolas, modheolaíochtaí agus rioscaí criticiúla a chomhroinnt leis na gníomhaireachtaí eile a ghlac páirt sa mheitheal;

19. ag tabhairt dá haire gur ghlac an Bord Bainistíochta creat rialaithe inmheánaigh na Gníomhaireachta in 2019, ar creat é atá bunaithe ar chreat rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin; ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht measúnú ar an gCreat Rialaithe Inmheánaigh don bhliain tuairiscithe 2020, ar measúnú é a tháinig ar an gconclúid gur ann don chreat agus go bhfeidhmíonn sé go leordhóthanach maidir le comhpháirteanna uile an rialaithe inmheánaigh;

20. ag tabhairt dá haire go bhfuil clár riosca corparáideach na Gníomhaireachta nasctha leis an gCreat Rialaithe Inmheánaigh agus go bhféadfaidís araon a bheith á n-athbhreithniú go tréimhsiúil ag an ardbhainistíocht; ag tabhairt dá haire maidir leis na rioscaí uile a ndearnadh faireachán orthu le linn 2020, gur aicmíodh iad mar rioscaí a bhain leis an "timpeallacht sheachtrach" agus nár aicmíodh ceann ar bith díobh mar bhagairt fhéideartha do chlú na Gníomhaireachta ná do ghnóthú a spriocanna straitéiseacha;

21. á thabhairt dá haire go bhfuil dhá ghníomhaíocht cheartaitheacha atá tuairiscithe ag an gCúirt Iniúchóirí agus a bhaineann leis na leithreasuithe iomarcacha faoi chomhair gealltanas a tugadh anonn ó bhlianta roimhe sin fós ar siúl;

**An fhreagairt ar COVID-19 agus leanúnachas gnó**

22. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur sholáthair an Ghníomhaireacht faisnéis agus acmhainní fónta chun na rioscaí agus a dtionchar ar an ionad oibre a mheas agus chun iad a mhaolú; ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Ghníomhaireacht na gníomhaíochtaí uile a soláthraíodh agus a beartaíodh, amhail tionscadail a bhain le teileobair, tuarascálacha a raibh mar aidhm leo rioscaí síceashóisialta phaindéim COVID-19 a mheas, treoraíocht don ionad oibre agus rannpháirtíocht i roinnt cruinnithe ardleibhéil a bhain le cosaint oibrithe i gcomhthéacs phaindéim COVID-19;

23. ag tabhairt dá haire gur thacaigh an Ghníomhaireacht le socruithe maidir le hobair go cianda don fhoireann, agus gur lainseáladh nósanna imeachta inmheánacha leictreonacha nua chun éascú a dhéanamh ar an leanúnachas gnó; ag tabhairt dá haire gur sholáthair an Ghníomhaireacht trealamh oibre iomchuí don fhoireann le haghaidh teilea-oibriú, mar aon le rochtain shlán ar chórais TF na Gníomhaireachta; ag tabhairt dá haire gur bogadh cruinnithe inmheánacha agus seachtracha ar líne, agus gur bunaíodh sreafaí oibre gan pháipéar chun deis a thabhairt don Ghníomhaireacht leanúint dá hoibleagáidí airgeadais agus conarthacha a chomhlíonadh;

24. ag tabhairt dá haire gur lean an Ghníomhaireacht in 2020 den chumarsáid maidir le OSH agus le OSH a chur chun cinn go héifeachtach; ag tabhairt dá haire gur éirigh leis an nGníomhaireacht a cuid oibre a chur i láthair go gníomhach ag breis is 300 ócáid, ainneoin shrianta COVID-19; ag tabhairt dá haire gur sholáthair an Ghníomhaireacht treoraíocht ilteangach (in 25 theanga) le haghaidh áiteanna oibre, atá ar na foilseacháin is mó a íoslódáladh agus a ndearnadh iad a rochtain i stair na Gníomhaireachta, agus gur forbraíodh raon acmhainní eile COVID-19 agus gur cuireadh in iúl iad trí bhíthin shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta; ag spreagadh na Gníomhaireachta chun leanúint de bheith ag obair ar threoirlínte chun cuidiú le fostóirí agus oibrithe iad féin a oiriúnú d'fhorbairt phaindéim COVID-19;

**Barúlacha eile**

25. ag tabhairt dá haire gur thionscain an Ghníomhaireacht comhar le CERT-EU trí bhíthin comhaontú ar leibhéal seirbhíse chun a áirithiú go mbeadh cibearchosaint ag an nGníomhaireacht; ag tabhairt dá haire gur sainaithníodh cibearshlándáil ina saincheist in 2020 agus gur mhol an Ghníomhaireacht gairm ar thairiscintí a lainseáil maidir le seirbhísí cibearchosanta a sholáthar in 2021; á iarraidh ar an nGníomhaireacht an dul chun cinn i ndáil leis sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

26. á thabhairt dá haire go dtugtar ról tábhachtach don Ghníomhaireacht le dearbhú Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta i dtaca le prionsabail an Cholúin a chur chun feidhme;

27. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh um urscaoileadh, do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([2]) ar fheidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([2]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0196.